Ciorclán 0013/2011

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Mheánscoileanna, Phobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha agus Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na gCoistí Gairmoideachais**

**Athruithe Caipitíochta agus Ranníocaíocht Rannpháirtithe ar Chláir Iar-Ardteistiméireachta (PLC)**

**Réamhrá**

1. Rinneadh soláthar i mBuiséad 2011 laghdú a dhéanamh ar rátaí caipitíochta neamhphá (lena n-áirítear ard-deontas caipitíochta PLC) mar aon le ranníocaíocht bhliantúil €200 a ghearradh ar rannpháirtithe ar chláir PLC. Leagtar amach leis an gCiorclán seo na hard rátaí caipitíochta nua agus na socruithe oibríochta maidir le ranníocaíocht na rannpháirtithe ar chláir PLC.

**2.** Beidh feidhm leis na hathruithe ar rátaí ón 1 Eanáir 2011 agus beidh feidhm le socruithe ranníocaíochta na rannpháirtithe ar chláir PLC le héifeacht ón bhliain acadúil 2011/2012.

**Laghdú ar Ard-Ráta Caipitíochta ar Chláir PLC**

**3.** Seo a leanas na rátaí nua le héifeacht ón 1 Eanáir 2011:

| | |
|---|---|
| Ráta caighdeánach | €176.11 |
| Ráta eachrach | €745.46 |

4. Ag teacht le Ciorclán 36/95 leithdháiltear ard-deontas caipitíochta cláir PLC ar sholáthróirí chun íoc as costas trealaimh, ábhair agus forchostais ghinearálta do chostais reatha chlár PLC.

**Socruithe maidir le Ranníocaíocht na Rannpháirtithe ar Chláir PLC**

5. Ní mór do sholáthróirí ranníocaíocht na rannpháirtithe a bhailiú ó gach rannpháirtí incháilithe (féach thíos) agus sin a choimeád. Déanfaidh an Roinn an tsuim chuí a chúiteamh trí sin a chur in aghaidh an ard-deontais chaipitíochta.

6. Chun sin a éascu, beidh ar sholáthróirí tuairisceán a dhéanamh chuig an Roinn, an líon iomlán rannpháirtithe atá ar an rolla a lua agus líon iomlán na rannpháirtithe a bheidh díolmhaithe ón ranníocaíocht a íoc (teimpléad ceangailte). Ríomhfaidh an Roinn ansin an méid, más ann, a bheidh dlite le híoc ó thaobh ard-chaipitíocht. Sa chás go sáróidh an méid a bheidh le bailiú an méid a bheidh dlite ó thaobh ard-chaipitíocht, déanfar coigeartú a bheidh comhionann leis an méid sin chuig an leithdháileadh neamhphá ginearálta agus iarbhunoideachais, an leithdháileadh neamhphá nó an leithdháileadh maoinithe per capita a dhéanfar leis an gCoiste Gairmoideachais, leis an bpobalscoil/scoil chuimsitheach nó leis an meánscoil, mar is cuí.

7. Sa chás go mbeidh an méid a bheidh le bailiú níos lú ná an méid a bheidh dlite ó thaobh ard-chaipitíocht PLC íocfar an méid sin in aon pháirt amháin sa chéad ráithe den bhliain airgeadais ina dhiaidh sin. Mar sin féin sa chás go mbeidh méid suntasach ard-chaipitíocht PLC dlite le híoc breithneofar an chóir íocaíocht tosaigh a dhéanamh i mí

na Nollag agus an chuid a bheidh fágtha a íoc sa chéad ráithe den bhliain airgeadais ina dhiaidh sin.

8. Ní mór do sholáthróirí fianaise a lorg agus a choimeád go bhfuil rannpháirtí díolmhaithe ó ranníocaíocht a íoc.

**Rannpháirtithe Incháilithe**

9. Beidh gach foghlaimeoir a bheidh ar an rolla ar chúrsa PLC ceadaithe incháilithe an ranníocaíocht €200 do rannpháirtithe ar chláir PLC a íoc.

10. Is ranníocaíocht bhliantúil í an ranníocaíocht. Ní mór do rannpháirtithe incháilithe ar chúrsaí PLC a mhaireann níos mó ná aon bhliain amháin an ranníocaíocht a íoc maidir le gach bliain den chúrsa sin.

**11.** Tá na catagóirí rannpháirtithe a leanas díolmhaithe ón ranníocaíocht a íoc:

- Sealbhóirí cártaí liachta iomlána ina gceart féin agus a leanaí cleithiúnacha;
- Iad sin atá incháilithe faoi scéim deontais na mac léinn;
- Iadsan a fhaigheann Liúntas chun Filleadh ar an Oideachas (BTEA) nó liúntais faoin Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS).

**Muirir PLC**

**12.** Mar atá leagtha amach sa Chiorclán 36/95, féadfaidh soláthróirí íocaíocht a lorg ó rannpháirtithe i ndáil leis na nithe a leanas:

- Leabhair, éide/éadaí nó trealamh eile a bheidh mar mhaoin phearsanta an rannpháirtí
- Seirbhísí Mac Léinn
- Muirir chláraithe ó chomhlachtaí gairmiúla
- Táillí scrúduithe

.

**13.** Ceadaítear le Ciorclán 36/95 freisin go n-íocfadh rannpháirtithe ionchais éarlais neamh-in-aisíoctha (€30 de ghnáth) chun áit a chuir in áirithe ar chúrsa PLC ceadaithe.

**14.** Sa chás go ngearrfaidh soláthróirí muirir bhreise den sórt sin i ndáil le cúrsaí PLC, ní mór go gcuirfí in iúl go soiléir do rannpháirtithe nach mbeidh feidhm leis na díolúintí atá ar fáil do na catagóirí rannpháirtithe ag (10) thuas ach amháin maidir le Ranníocaíocht na Rannpháirtithe ar Chláir PLC.

**15.** Ní cheadaítear aon mhuirir eile faoin gciorclán seo.

**Tuilleadh Fiosrúchán**

**16.** Ba chóir aon fhiosrúchán i ndáil leis an gciorclán seo a sheoladh chuig an Rannóg Breisoideachais ag plc@education.gov.ie, nó glaoigh ar 090 648 4258/7/6.

Seamus Hempenstall
Príomhoifigeach
An Rannóg Breisoideachais
An Rannán Scileanna
Feabhra 2011